Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Eanáir 2020
(OR. en)

15253/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0266(NLE)**

SCH-EVAL 224
SIRIS 188
COMIX 592

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15252/19 EU RESTRICTED |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh-Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht a rinneadh ar an **bPolainn** sa bhliain 2019 maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen, i ndáil le **Córas Faisnéise Schengen** |

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 a ghlacadh lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an bPolainn sa bhliain 2019 maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen, i ndáil le Córas Faisnéise Schengen.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh-Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht sin agus a áiritheoidh go gcuirfidh an Pholainn rialacha uile Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

3. D'fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen (Meastóireacht), lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin an togra le haghaidh Cinneadh-Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh ar an 16 Nollaig 2019.

4. Iarrtar, ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh, mar a leagtar amach in 15252/19 EU RESTRICTED é, mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.